Cúrsaí Fostaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá chomhlacht idirnáisiúnta atá chun fostaíocht a chruthú in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a cheangal leis na focail ar dheis?

1. health care	**a.** *líon na n-ionad príomhchúraim*
2. number of primary care units	**b.** *ceanncheathrú idirnáisiúnta*
3. technological company	**c.** *earcaíocht*
4. international headquarter	**d.** *comhlacht (infheistíochta) caipitil*
5. online storing system	**e.** *cáipéisí, grianghraif agus físeáin*
6. documents, photos and videos	**f.** *á reáchtáil*
7. they intend to	**g.** *cúram sláinte*
8. recruitment	**h.** *comhlacht teicneolaíochta*
9. capital (investment) company	**i.** *córas stórála ar líne*
10. which means	**j.** *a chiallaíonn*
11. being run	**k.** *tá sé ar intinn acu*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír uair amháin eile agus ceangal na huimhreacha i gcolún **A** leis na fíricí cearta i gcolún **B**:

A	**B**
40	a. an méid infheistíochta a chuir comhlacht príobháideach in *Dropbox*
200	b. an líon post a chruthóidh *Centric Health*
100 milliún	c. an líon post a chruthóidh *Dropbox* i mBaile Átha Cliath
20 milliún	d. an laghdú a thiocfadh ar líon na n-ionad príomhchúram sláinte
10 - 20	e. líon na bpost a chruthóidh Centric Health taobh istigh de bhliain
50	f. an líon daoine a úsáideann Dropbox

40	200	100 milliún	20 milliún	10-20	50

Ceist 3 Cad iad na slite ar fad atá agat chun an uimhir 40 a rá? Bhí dhá shampla sa mhír.

Ceist 4. *'…dhá chéad **post**…'*

(a) Líon an bosca thíos leis na rialacha a bhaineann le hainmfhocail a chomhaireamh a léiriú:

Ainmfhocal	1	2-6	7-10	20, 30…
bord				
úll				

(b) Féach ar an fhocal 'post' thuas, agus na samplaí eile ón mhír:

40 **post**, 100 milliún **duine**, 20 milliún **euro**,

Cad is féidir leat a rá faoin ainmfhocal?

Ceist 5 Déan cibé athrú is gá ar na focail atá idir lúibíní agus ansin éist leis an mhír arís le feiceáil an raibh an ceart agat:

i (Baile Átha Cliath)
le (Baile Átha Cliath)
do (cáipéisí)
ó (gléasanna)
ar (ceathracha)
ó (deich)
de (bliain)

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil a fhios agat cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na scoile/ hollscoile?
- An mbeidh post le fáil agat i do cheantar dúchais, dar leat?
- Ar mhaith leat a bheith ag obair thar lear, dar leat?
- Ar mhaith leat dul ar imirce? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	a	h	b	i	e	k	c	d	j	f

Ceist 2

40	200	100 milliún	20 milliún	10-20	50
c	b	f	a	d	e

Ceist 3

Daichead, dhá scór agus ceathracha.

Ceist 4

(a)

Ainmfhocal	1	2-6	7-10	20, 30…
bord	bord amháin	dhá bhord, cúig bhord	seacht mbord, ocht mbord	fiche bord
úll	úll amháin	trí úll, ceithre úll	naoi n-úll, deich n-úll	tríocha úll

(b) Moltar gan séimhiú ná urú a chur ar an ainmfhocal tar éis na n-uimhreacha 20, 30, 40, 50, ar aghaidh agus é a choinneáil san uatha.

Ceist 5

i **m**Baile Átha Cliath
le Baile Átha Cliath
do c**h**áipéisí
ó g**h**léasanna
ar c**h**eathracha
ó d**h**eich
de b**h**liain

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá an comhlacht Cúram Sláinte *Centric Health* le dhá chéad post a chruthú nuair a chuirfidh siad le líon a n-ionad príomhchúraim. Agus, tá sé fógartha ag an gcomhlacht teicneolaíochta *Dropbox* go bhfuil siad lena gceanncheathrú idirnáisiúnta a bhunú i mBaile Átha Cliath, áit, a deir[i] siad, a gcruthófar dhá scór post.

Caoimhe Ní Chonchoille
Is é *Dropbox* an comhlacht teicneolaíochta is deireanaí le Baile Átha Cliath a roghnú dá cheanncheathrú[ii] idirnáisiúnta. Tuairim is céad milliún duine a úsáideann *Dropbox*. Cuireann an comhlacht córas stórála ar líne ar fáil do cháipéisí, grianghraif agus físeáin, agus is féidir teacht orthu ó ghléasanna éagsúla áit ar bith sa domhan. Cruthófar thart ar cheathracha post ina n-oifig úr i mBaile Átha Cliath le tacaíocht theicniúil agus seirbhísí eile a chur ar fáil. Deir an comhlacht go bhfuil sé ar intinn acu tús a chur le hearcaíocht ar bhonn láithreach. Bhí dea-scéal fostaíochta eile ann inniu chomh maith agus fógra ón chomhlacht cúram sláinte *Centric Health* go bhfuil siad le dhá chéad post úr a chruthú in ionaid chúraim phríomhúil úra a bheas á reáchtáil acu. Deir *Centric Health* go bhfuil comhlacht caipitil príobháideach ón Eoraip ag déanamh infheistíochta fiche milliún euro sa chomhlacht, rud a chiallaíonn gur féidir le líon na n-ionad atá á reáchtáil acu a mhéadú ó dheich go fiche. Thug an comhlacht le fios go mbeadh caoga de na postanna[iii] úra le cruthú taobh istigh de bhliain. Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

[i] *a ndeir* a deirtear
[ii] *gceanncheathrú* a deirtear
[iii] *poist* atá sa chaighdeán